**Gradaim Náisiúnta na nOibrithe Deonacha Spóirt**

**Bileog Eolais**

## Cúlra

Is iomaí duine aonair a chaitheann roinnt mhaith ama agus dua, go deonach, ar bhealach éigin le spórt gach uile bhliain. I measc na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl acu bíonn foirne a thraenáil, córas taistil a chur ar fáil nó obair riaracháin a dhéanamh don chumann nó don ghrúpa. Ní bhíonn aon íocaíocht airgid uathu. Is grá don spórt agus dúthracht don phobal a spreagann iad. Murach an dícheall is an dúthracht sin a chaitheann siad le spórt lá i ndiaidh lae ní bheadh an tsochaí ná an spórt chomh maith as is atá.

Ní mór an dúthracht agus an tiomantas gan staonadh seo a aithint agus a chúiteamh. Is mór ag an Rialtas, agus an gá atá le tacaíocht a thabhairt d’obair na n-oibrithe deonacha seo á aithint, spreagadh a thabhairt dóibh agus a n-iarrachtaí agus a ndúthracht a thréaslú leo. Tá Gradaim Náisiúnta na nOibrithe Deonacha Spóirt seolta ag an Rialtas chun urraim mhór a thabhairt, ar bhonn náisiúnta, d’oibrithe deonacha spóirt na hÉireann. Is é fócas na ngradam ómós a thabhairt don obair dheonach aisti féin; ní gradam do spórt ná do chumann ar leith atá i gceist. Creideann an Rialtas, i gcomhthéacs na ndúshlán nua atá amach romhainn maidir le hoibrithe deonacha a earcú agus a choinneáil ag obair go deonach, gurb í an scéim seo na ngradam an chéad chéim chun próifíl obair dheonach sa spórt a thabhairt chun cinn ionas go dtabharfar spreagadh do na hoibrithe deonacha atá ag obair go deonach cheana féin agus ionas go meallfar a thuilleadh oibrithe deonacha nua le teacht chun cinn.

## An Próiseas

- Nuair a fhaigheann na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt (CRNS) an pacáiste eolais seo is cóir dóibh a mbaill a chur ar an eolas faoi scéim na ngradam agus a inseacht dóibh go mbeidh foirmeacha ainmniúcháin ar fáil ó Dé Luain, 28 Lúnasa. **Is cóir do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt an fhoirm ainmniúcháin a chur ar fáil ar a suímh gréasáin agus níor chóir dóibh foirmeacha a sheoladh amach sa phost chuig cumainn ná grúpaí ach amháin nuair a bhíonn géarghá leis.** Beidh an fhoirm seo ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta http://www.arts-sport-tourism.gov.ie agus ó shuíomh gréasáin Chomhairle Spóirt na hÉireann http://www.irishsportscouncil.ie
- Is cóir foirmeacha iarratais a líonadh agus a chur ar ais chuig CRNS nó CAS nó Coiste Spóirt na gCoistí Gairmoideachais Áitiúil (nuair nach bhfuil CAS bunaithe i do limistéar fós) roimh dheireadh an lae oibre ar an Aoine, 29 Meán Fómhair 2006;
- Déanfaidh gach CRNS gach ainmniúchán a fuarthas a mheas agus roghnóidh siad triúr ainmní chun dul ar aghaidh go dtí céim an choiste roghnaithe, seachas an CLG agus Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann (na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt ag a bhfuil an líon is mó d’oibrithe deonacha) a chuirfidh 5 ainm chun cinn lena meas. Cuirfidh gach CAS/Coiste Gairmoideachais trí ainm ar aghaidh chomh maith lena meas. Is cóir na hainmniúcháin seo a sheoladh go dtí Aonad Spóirt 2, Seomra 304C, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Is Dé hAoine, 27 Deireadh Fómhair 2006 an dáta deiridh don chéim seo.
- Scrúdóidh an Coiste Roghnaithe liosta na ndaoine roghnaithe chun gearrliosta d’iarrthóirí an chomórtais dheireanach a chur le chéile;
- Roghnófar ochtar buaiteoir gradaim ansin in Eanáir 2007.
- Reáchtálfar searmanas bronnta gradam ag deireadh Eanáir 2007;
- Bronnfar gradam comórtha speisialta ar iarrthóirí rathúla.

## Coinníollacha iontrála na scéime

1. Ní mór don ainmní dhá bhliain, ar a laghad, a bheith curtha isteach aige/aici ina ról deonach;
2. Ní bheidh daoine a fhaigheann íocaíocht ar a gcuid seirbhísí i dteideal gradaim;
3. Ní bheidh grúpaí/foirne i dteideal gradaim;
4. Ní bheidh oifigigh atá ag obair ar bhonn oifigiúil faoi láthair le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt, le Coistí Spóirt na gCoistí Gairmoideachais ná le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt san áireamh;
5. Ní ceadmhach duit tú féin a ainmniú don ghradam seo;
6. Ní mór don ainmnitheoir ainmní a chur ar an eolas faoin ainmniúchán;
7. Ní mór don chumann ainmnithe a bheith cleamhnaithe leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta Spóirt;
8. Má tá ainmniúchán ag oibrí deonach do scéim eile d’oibrithe deonacha níl cosc air/uirthi ainmniúchán a fháil don scéim áirithe seo;
9. Beidh seiceáil le déanamh ag na Gardaí ar iarrthóirí a n-éireoidh leo.

**Clár na nGradam**

Bronnfar gradam comórtha speisialta ar na hiarrthóirí rathúla uile. Tá sé beartaithe nach mbeidh catagóirí éagsúla de ghradaim ann ná buaiteoir amháin as/aisti féin. Is éard a bheidh ann ná ocht ngradam mar aitheantas cothrom ar a ndearna gach oibrí deonach. Beidh an raon iomlán spóirt san áireamh leis na gradaim lena n-áirítear spóirt a fhreastalaíonn ar ghrúpaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus beidh rannpháirtíocht na bhfear agus na mban tugtha san áireamh chomh maith.

**Searmanas Bronnta Gradam**

Reáchtálfar searmanas mór le rá bronnta gradam ag deireadh Eanáir 2007.

**An Coiste Roghnaithe**

Déanfaidh an Coiste Roghnaithe na hainmniúcháin a mheas agus roghnóidh siad ochtar iarrthóir rathúil. Beidh ionadaithe ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Comhairle Spóirt na hÉireann, Cónaidhm Spóirt na hÉireann, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt & Líonra na gCoistí Gairmoideachais, Comhairle Oilimpeach na hÉireann, Comhairle Para-Oilimpeach na hÉireann, Ionaid Oibrithe Deonacha na hÉireann, Tascfhórsa um Shaoránacht Ghníomhach an Taoisigh agus an Roinn Oideachais ar an gCoiste Roghnaithe.

**An Critéir Roghnaithe**

Cuirfidh an Coiste Roghnaithe na nithe seo a leanas san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar na hiarrthóirí:

- Tréimhse seirbhíse mar oibrí deonach
- Duine ildánach
- Tionchar ar an gcumann nó ar an ngrúpa
- Tionchar ar an bpobal
- Tionchar ar an spórt
- Fiúntas go ginearálta
- Tréithe eile

**Dátaí Tábhachtacha**

- Cuirfear foirmeacha ainmniúcháin ar fáil do chumainn agus do ghrúpaí ón Luan, **28 Lúnasa 2006**
- Is é Dé hAoine, **29 Meán Fómhair 2006** an dáta deiridh do chumainn agus do ghrúpaí chun a gcuid ainmniúchán a chur isteach.
- Is é an dáta deiridh chun ainmniúcháin ar an ngearrliosta a chur faoi bhráid an Choiste Roghnaithe um Ghradaim na nOibrithe Deonacha Spóirt ná an Aoine, **27 Deireadh Fómhair 2006**
- Déanfar teagmháil le hiarrthóirí rathúla ag tús **Eanáir 2007**
- Reáchtálfar searmanas bronnta gradam ag deireadh **Eanáir 2007**

**A Thuilleadh Eolais**

Déan teagmháil le Ciarán ag 01 631 3824 le do thoil, chun a thuilleadh eolais a fháil.